

TOBAR CONALL

(? C.Chill Conaill)

Tá tobar ar a gCaiseal. Tobar Conall i sa roilig atá sé. Mo shean-athair a d'innis an sgéal dom. Is ann a tóigeadh é, cupla céad slat ón tobar. Bhí sé ag obair ar a' seol a' figheachán. Seán Ruadh figheadóir a bhí air. Mo shean-mháthair a gul tríd a' theach nuair a tháinig bean mean-aosta, nár aithnigheadar isteach agus brat bán bréidín ar a brollach agus shuidh sí chois a dorais an-chúthail {cúil}.

D'iarradar uirthé theacht anuas ag a teine agus dubhairt sí go rabh deifir uirthé, nach rabh aon ghor aice air, go mbeadh sí a' gul amach agus d'fhiafruigh sí cé rabh an Tobar Chonall agus dubhradar léithe nach raibh sé a bhfad uaithe chor ar bith, an-chongarach dhi agus níor chuingheadar ar thada nó go rabh siad mall, mar bhí leac ar Thobar Chonaill agus bhí sé a déanamh foillsiú ar dhuine ar bith a dhéanfadh rud as bealach nuair casfaidhe an leac tuathall agus crois mhaide cuilinn fúithe, agus go bpléasgfadh píosa as thaobh na leice. Nuair a bheadh an foillsiú déanta bhí an méid sin déanta ag an mbean stráinseara seo nuair a tháinig sé ina stoirm agus ina ghála.

Nuair shíleadar nach seasfadh aon leich, ar an mbaile leis an stoirm a bhí ann, chuadar amach. Nuair a sheasadar amach bhí na gnaithe déanta ag an mbean agus í imithighthe. Chuaidh mo shean-athair annsin is beirt fhear gnoidheamail a bhí ar an mbaile agus dubhradar go mba mhaith a ceart an leic a bhí ar a tobar, a chur i bhfolach i riocht is nach bhfuigfeadh aon duine níos mó í, le aon dochar a dhéanamh. Chuadar triúr go dtí an tobar agus thugadar leothab an leac, agus sháthadar síos i bportach dearglaoich an leac, agus níor casadh ariamh ó shoin í, mar nach rabh fhíos acab cá bhfuigfidís í.

Badh é an t-ughdar a bhí ag an mbean a ghul a casadh na leice, ar fhear óg a chuir trioblóid ar bhean óg, d'inghin a bhí aice. Bhíodh sé a' gealladh pósadh dhi, ariamh go rabh sé mall. Ghabh sé agus phós sé bean eile agus d'fhága sé, inghean na mná seo ina dhiadh. Bhíodh sé féin agus triúr dreathár leis agus a athair ag iasgach i gcómhnaidhe agus an lá seo ar chas máthair na mná an leic d'imthigh píosa as an leic agus bháthadh an triúr dreathár, a athair agus é féin san am céadna ar fhoillsigh an leac.

Ins a' sean aimsir bhíodh lucht tóigeáil ag imtheacht thart a tógáil chuile bheithidheach a gheithidís le daoine bochta ins chuile áit. Bhí go leor de na beithidhigh tóigte acab ar mhuintir na h-áite. Bhí baintreabhach bhocht ann, a rabh muirighín go leor uirthé, gan slighe gan faghaltas ach an dá bhó le haghaidh na ngasúr. Thiomáin lucht na tóigeala an dá bhó agus amach le taobh Tobar Chonall a ghabhadar. Bhí cuímse acab ann. Lean an bhaintreach iad agus í a sgeadach ag iarraidh impidhe orthub as ucht Dé aon bhó amháin fhéin fhágáil aice, le haghaidh na ngasúr.

Lean sí iad agus ní rabh aon mhaith dhi a' cainnt.

Tháinig sí ar ais ag Tobar Chonaill. Chaith sí í féin ar a dhá ghlúin ag a Tobar agus d'iarr sí congnamh agus impidhe ar Chonal mhíorbhúilteach, cabhair mhaith a dhéanamh dhí le grásta Dé leis na gasúir a thóigéail.

D'éirigh dhá ghaidhrín bheaga bhána aníos as a tobar agus leanadar lucht na tóigéala agus chuadar roimh na beithidhigh gan mhíle buidheachas dá rabh dh'arm ann go dtugadar thar a tobar anois arís iad.

Lean a' t-oifigeach a bhí as cionn na bhfear, lean sé an dá ghaidhrín agus na beithidhigh nó go dtáinig sé go dtí an tobar agus mhuan sé síos i dTobar Chonall le droch-mheas air, agus tuairim is fiche slat taobh thiar den tobar tá crocán árd ann, agus shuidh sé síos agus shéaluigh sé mar leigfeá urchar as béal gunna agus fuair sé bás. Sé an t-ainm atá ar an gcnocán ó shoin crocán a tsaighdiúra.